



BreastCheck

Eolas tábhachtach
faoi do scagthástáil
cíoch



An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála
National Screening Service


BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch
The National Breast Screening Programme

Cad é scagthástáil cíoch?

Is éard atá i gceist le scagthástáil cíoch ná mamagram (x-gha) a dhéanamh de do chíocha, a úsáidtear chun ailse chíce a aimsiú nuair a bhíonn sé róibheag le feiceáil nó le brath.

Nuair a fhaightear ailse chíce go luath, bíonn sé níos éasca cóir leighis a fháil agus bíonn an ráta téarnaimh níos fearr.

Cad é ailse chíce?

Tarlaíonn ailse chíce nuair a thosaíonn gnáthchealla cíche ag fás i mbealach mínormálta.

- Tá ailse chíce ar cheann de na hailsí is comónta i measc ban in Éirinn.
- Is féidir le mná d'aois ar bith ailse chíce a fháil ach méadaíonn an riosca de réir mar a théann tú in aois.
- Léiríonn taighde go bhfuil mná 50 bliain d'aois agus níos sine faoi riosca níos airde ailse chíce a fháil.
- Má aimsítear ailse chíce go luath, is dóchúla go mbeidh sé níos éasca cóir leighis a chur uirthi.

Cad é BreastCheck?

BreastCheck – seirbhís sláinte arna maoiniú ag an Rialtas is ea an Clár Náisiúnta Scagthástála Cíoch atá mar chuid den tSeirbhís Náisiúnta Cíoch-Scrúdaithe. Ciallaíonn sé seo nach gá duit íoc as.

Tairgeann an clár tástáil ailse chíce (mamagram) gach dhá bliain do mhná idir 50 agus 67. Féach leathanach 4 le haghaidh tuilleadh eolais faoin tástáil seo.

Tá BreastCheck á leathnú agus faoi 2021 beidh sé ar fáil do mhná idir 50-69. Baineann mná sa raon aoise sin an leas is mó as clár scagthástáil cíoch. Ba chóir do mhná, is cuma cén aois, teagmháil a dhéanamh lena DG (dochtúir teaghlaigh) le haon imní atá orthu maidir lena sláinte chíce.

An ndéanann scagthástáil ailse chíce a chosc?

Ní dhéanann scagthástáil ailse chíce a chosc. Mar sin féin, cuidíonn sé le hailse chíce a aimsiú go luath.

Tá roinnt bheag ailsí ann nach féidir a aimsiú le mamagram ach má théann tú chuig scagthástáil rialta aimseofar aon athruithe chomh luath agus is féidir. Ag an gcéim seo tá sé níos éasca cóir leighis a chur ar ailse chíce agus tá seans níos fearr agat ar théarnamh maith.

Baineann scagthástáil le mná nach bhfuil comharthaí ailse orthu. Labhair le do DG (dochtúir teaghlaigh) a luaithe is féidir má tá aon imní ort nó comharthaí d'ailse ort. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach duit tagairt don mhír ar leathanach 10 den leabhrán seo athruithe le bheith ag faire amach dóibh.

Cá bhfuair BreastCheck mo chuid sonraí?

Cuireann BreastCheck clár (liosta) le chéile de mhná atá incháilithe le haghaidh scagthástála ó mhionshonraí arna soláthar ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, an scéim cártaí leighis agus árachóirí sláinte príobháideacha. Cláraíonn mná incháilithe iad féin chomh maith. Coimeádann BreastCheck do chuid sonraí agus do thaifid sláinte slán agus faoi rún. Murar mhian leat páirt a ghlacadh i BreastCheck, scríobh chugainn agus ní dhéanfimid teagmháil leat arís.

Tugann BreastCheck spreagadh do mhná a chinntiú go bhfuil siad ar an gclár trí theagmháil a dhéanamh le BreastCheck ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó trí sheiceáil ar líne ag www.breastcheck.ie.


Cad é mamagram?

Nuair a bhíonn mamagram agat, baintear úsáid as meaisín x-ghathanna speisialta chun íomhá a fháil de do chíocha. Ceann i ndiaidh a chéile brúitear do chíocha idir dhá phláta speisialta chun x-gháthú a thógáil. Ní mór brú a bheith ann chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an mamagram d'ardcháilíocht.

Leathnaíonn an brú sin fíochán na cíche amach ionas gur féidir linn é a fheiceáil níos soiléire. Tá an dáileog radaíochta a úsáidtear an-bheag agus tá sí laistigh de theorainneacha molta, mar sin tá an riosca do do shláinte an-íseal.

An ngortaíonn mamagram?

D'fhéadfadh mamagram tú a ghortú. Tógann mamagram cúpla nóiméad agus cuirtear brú ar an dá chíoch. D'fhéadfadh go mbraitheadh roinnt ban go mbeadh sé seo míchompordach nó pianmhar ach níl aon fhianaise ann go ndéanann an brú seo dochar do na cíocha.



Má mheasann tú go bhfuil an gnáthamh ró-phianmhar, inis sin don radagrafaí láithreach agus cuirfear stop leis.

Cá dtéann mé do mo choinne BreastCheck?

Braitheann sé ar an áit a bhfuil cónaí ort. D'fhéadfadh do choinne a bheith in aonad BreastCheck in aice le hospidéal nó in aonad scagthástála soghluaiste.

Maidir le do choinne BreastCheck

- Glacfaidh do chuairt tuairim is 30 nóiméad san iomlán.
- Ní ghlacfaidh do mhamagram ach cúpla nóiméad.
- B'fhéidir go mbeadh coinne scagthástála níos faide ag teastáil uait má tá ionchlannáin chíche agat.
- B'fhéidir go mbeadh coinne níos faide ag teastáil uait má tá riachtanais céadfacha, intleachtúla nó soghluaisteachta agat. Má tá, cuir é sin in iúl dúinn roimh ré le do thoil ag baint úsáide as an uimhir theagmhála ar do litir choinne.
- Tá aonaid scagthástála BreastCheck go léir inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus tá siad oiriúnach don chuid is mó de chathaoireacha rothaí. Má tá aon cheist agat, cuir glaoch ar an uimhir aonaid BreastCheck atá ar do litir choinne.

Cad a tharlaíonn tar éis an mamagram?

Tá sé mar aidhm againn torthaí do mhamagram a chur chugat laistigh de thrí seachtaine. Cuirfimid in iúl duit má tá cuairt iarchúraim inmholta. Cuirfimid cóip de do thorthaí chuig do DG (dochtúir teaghlaigh) freisin.

Glaofar ar ais ar thart ar dhuine as gach 25 bean (4%) chun tuilleadh tástálacha (measúnú) a dhéanamh tar éis scagthástála. Is minic go bhíonn imní ar mhná a ghlaoitear ar ais, mar sin déanann BreastCheck iarracht na rátaí athghlaoite a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

Glaofar ar ais ar mhná a mheastar go bhfuil rud éigin neamhghnách ar a mamagram chun níos mó tástálacha (measúnú) agus meastóireacht bhreise a dhéanamh. D'fhéadfadh go mbeadh bithóipse ag teastáil uathu. Tógtar sampla d'fhíochán ón gcíoch agus déantar tástáil air le fáil amach an bhfuil sé ailseach.

Tairgtear obráid mar an chéad chóir leighis le haghaidh formhór na gcineálacha ailse chíce.

Ní bhíonn ailse ag formhór na mban a ghlaitear ar ais le haghaidh tástála breise, mar sin gheobhaidh thart ar 99% de na mná a chuaigh tríd an gclár BreastCheck gnáththoradh. Molaimid dóibh leanúint ar aghaidh ag freastal ar choinní scagthástála nuair a thugtar cuireadh dóibh.

Buntáistí a bhaineann le scagthástáil cíoch

Scagthástáil cíoch:

- sábhálann sé beatha daoine
- is féidir leis ailse chíce a bhrath go luath
- feabhsaíonn sé rátaí marthanais ó ailse chíce.


Má fhaightear ailse chíce go luath trí scagthástáil rialta:

- tá sé níos éasca cóir leighis a chur ar dhuine
- d'fhéadfadh go mbeadh níos mó roghanna córa leighis ann
- tá seans níos mó ann go mairfidh tú.

Teorainneacha a bhaineann le scagthástáil cíoch

Ní féidir le raideolaí a rá go cinnte go bhfuil gach mínormáltacht féideartha braite acu.

Beidh cásanna ann nuair nach n-aithneoidh an scrúdú mínormáltacht a d'fhéadfadh a bheith ailseach. Beidh cásanna ann freisin ina n-aithneofar mínormáltachtaí nach bhfuil aon dochar iontu. Tarlaíonn sé seo i ngach clár scagthástála a chomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta dea-chleachtais, lena n-áirítear BreastCheck. Ar an gcúis seo, molaimid duit a bheith airdeallach agus dul i gcomhairle le do DG má bhíonn aon imní ort.



Mídhiagnóis – Tá seans beag ann go bhfaighidh tú toradh diúltach (go hiomlán slán) ó mhamagraim fiú nuair a bhíonn ailse ann. Tugtar toradh bréagdhiúltach air seo, agus is féidir leis tarlú in aon chlár scagtha.

Gheobhaidh tuairim is beirt as gach 1,000 bean a ndéantar scagthástáil uirthi toradh bréagdhiúltach. Gheobhaidh tuairim is triúr as gach 100 bean a ndéantar scagthástáil uirthi toradh bréagdheimhneach.

Ar an meán, as gach **1,000** bean a ndéantar scagthástáil ailse chíce uirthi



7 Gheobhaidh an líon seo diagnóis ailse

Gheobhaidh **993** gnáththoradh.

I gcás tuairim is **2** de na mná seo beidh ailse orthu nach féidir a bhrath.

Ródhiagnóis – D’fhéadfadh ródhiagnóis a bheith mar thoradh ar scagthástáil. Is é sin, nuair a aithnítear saincheisteanna atá neamhdhíobhálach, agus as sin tugtar cóir leighis neamhriachtanach agus tarlaíonn strus dá bharr.

Uaireanta bíonn ailse chíce le feiceáil ach níl siad ach ag luathchéim. Ní bhíonn sé indéanta i gcónaí a aithint cé na hailsí a d’fhéadfadh daoine a chur i mbaol a mbáis.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann le scagthástáil cíoch, féach www.breastcheck.ie nó Saorghlao 1800 45 45 55.

Cad é ailse neamhionrach ann (DCIS)?

Tugtar ‘carcanóma duchtá in situ’, nó DCIS ar ailse neamhionrach. Is foirm luath ailse chíce í DCIS. Is féidir cur síos a dhéanamh air freisin mar réamhailseach, réamhionrach nó iondhuchta.

Nuair a bhíonn DCIS agat, bíonn cuid de na duchtanna bainne (cainéil i do chíce a iompraíonn bainne chuig na siní) ailseach. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na cealla ailse taobh istigh de na duchtanna bainne (‘in situ’) agus nach bhfuil siad scaipthe laistigh nó lasmuigh de do chíoch.

Chun diagnóis DCIS a dhearbhu, bheadh uait bithóipse a bheith agat, nuair a thógtar píosa fíochán cíche ó do chíce lena scrúdú.

An bhfuil cineálacha éagsúla DCIS ann?

Tá agus is féidir iad a roinnt ina ngráid – DCIS ardghráid, meánghráid agus ísealghráid. Tá an grádú seo bunaithe ar an gcuma atá ar na cealla faoin micreascóp.

Má fhágtar DCIS gan cóir leighis, d'fhéadfadh cealla scaipeadh ó na ductanna isteach san fhíochán cíche timpeall orthu agus éirí ionrach (ailse atá in ann scaipeadh chuig codanna eile den cholainn). Is lú seans atá ann go n-athróidh DCIS ísealghráid isteach ina ailse ionrach ná DCIS ardghráid.

Ní bhfaighidh gach bean le DCIS ailse ionrach, fiú mura gcuirtear cóir leighis uirthi. Ach tá sé dodhéanta a rá cén DCIS a athróidh isteach ina ailse ionrach agus cén ceann nach n-athróidh. Mar thoradh air sin, gheobhaidh roinnt ban cóir leighis do DCIS cé go bhféadfadh sé nach n-iompódh sé isteach ina ailse ionrach riamh.

Cad a chuireann faoi riosca ailse thú?

Léiríonn taighde gur féidir na toscaí seo a leanas tú a chur faoi riosca ailse:

- a bheith i do bhean (is féidir le fir ailse chíche a fháil ach is annamh é)
- a bheith ag éirí níos sine
- stair ailse chíche a bheith i do chlann
- do stíl mhaireachtála mar shampla ag ól an iomarca alcóil, a bheith róthrom tar éis meanapáis nó gan a dhóthain cleachtadh coirp a dhéanamh.

Fiú nuair atá scagthástáil déanta ort ba chóir duit a bheith cíoch-eolach agus do chíocha a scrúdú go rialta le haghaidh aon athruithe.

Bí cíoch-eolach

Is cuma cén aois tú, tá sé tábhachtach a bheith cíoch-eolach i gcónaí.

- Bíodh a fhios agat cad atá normálta do do cholainn.
- Bíodh a fhios agat cén sórt athruithe ba chóir a bheith ag faire amach dóibh.

Cé na hathruithe ba chóir dom a bheith ag faire amach dóibh?

- aon chnapanna nó tiúchan neamhghnách i do chíocha
- loigíneacht, rocadh nó deirge an chraicinn
- sine a bhfuil cuma tarraingthe isteach nó brúite síos uirthi
- gríos nó craiceann gainneach nó screamhach timpeall na sine
- athrú i méid nó cruth do chíche
- at i d'ascaill nó timpeall do dhealracháin.

Tábhachtach: Tá a lán cúiseanna le hathruithe i do chíoch. Tá an chuid is mó acu gan dochar ach ba chóir duit aon athrú a sheiceáil. Má bhíonn imní ort nó má thugann tú aon athruithe faoi deara tabhair cuairt ar do DG (dochtúir teaghlai) gan mhoill fiú má bhí mamagram agat le déanaí.

Is maith an rud labhairt faoi

Má bhíonn aon imní ort d'fhéadfadh sé a bheith cuiditheach duit labhairt le do theaghlach agus cairde faoi BreastCheck – go háirithe duine éigin a d'úsáid an tseirbhís cheana. Is féidir leat glaoch orainn freisin ag 1800 45 45 55 má bhíonn aon cheisteanna agat.

Cumarsáid a dhéanamh leat

Déanfaimid cumarsáid leat ar bhealach oscailte, macánta, tráthúil agus trédhearcach:

- má théann rud éigin cearr le do chúram
- má dhéantar dochar duit mar thoradh ar do chúram
- má cheapann muid go ndearnadh dochar duit.

Ciallaíonn sé seo go gcoinneoidimid tú ar an eolas go hiomlán faoi na fíricí agus na sonraí faoi do rannpháirtíocht sa Chlár Scagthástála Cíoch.

Do thoiliú a thabhairt

Nuair a fhreastalaíonn tú ar mhamagram scagthástála cíoch ar dtús, iarrfaimid ort do thoiliú a thabhairt trí fhoirm a shíniú roimh an tástáil. Mura féidir leat an fhoirm a shíniú, iarrfar ort do thoiliú a thabhairt ó bhéal nó trí mharc a dhéanamh ar an bhfoirm os comhair dochtúra nó altra.

Deimhníonn sé seo:

- gur cuireadh ar an eolas tú faoi scagthástáil cíoch, na tairbhí agus na teorainneacha a bhaineann léi
- go dtuigeann tú an t-eolas seo
- gur sheiceáil tú go bhfuil d'ainm, do sheoladh agus do shonraí eile ceart, ionas gur féidir linn leanúint ar aghaidh ag déanamh cumarsáide leat
- go dtugann tú cead dúinn do chuid faisnéise pearsanta agus stair scagthástála a fháil, a choinneáil agus a mhalartú leo siúd a sheachadann an clár, le do dhochtúir teaghlaigh, agus le Clárann Náisiúnta Ailse na hÉireann.


Cuimhnigh: Ní féidir ach leatsa do thoiliú a thabhairt le bheith mar chuid dár gclár. Caithfidh tú toiliú a fháil sula mbeidh do scagthástáil agat. Is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar ag am ar bith trí theagmháil a dhéanamh linn ar Shaorghlao 1800 45 45 55 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig info@breastcheck.ie.

Má tharraingíonn tú siar toiliú, ní dhéanfaimid teagmháil leat maidir leis an gclár scagthástála cíoch amach anseo.

Scaghtástáil? Is é do chinneadh é

Is é do rogha é cibé an mbeidh scaghtástáil BreastCheck agat nó nach mbeidh. Tá sé de cheart agat glacadh leis an gcuireadh ó BreastCheck nó é a dhiúltú. Is féidir leat glacadh le cuireadh scaghtástáil a dhéanamh ach d'intinn a athrú níos déanaí.

Tá sé mar aidhm ag gach scaghtástáil cothromaíocht a fháil idir tairbhí féideartha agus teorainneacha féideartha. Is fútsa atá sé a chinneadh cén áit a thiteann an chothromaíocht sin duitse.



Tairbhí

D'fhéadfadh scaghtástáil do shaol a shábháil ó ailse chíche.

Teorainneacha

D'fhéadfaí go gcuirfí cóir leighis le haghaidh ailse ort d'ailse nach mbeadh bagrach don bheatha mar gheall ar scaghtástáil.

Tuilleadh eolais

Le haghaidh níos mó eolais chun cláraithe nó seiceáil an bhfuil tú ar an gclár tabhair cuairt ar www.breastcheck.ie nó Saorghlao 1800 45 45 55.

Ríomhphost: info@breastcheck.ie

Saorghlao: 1800 45 45 55



An tSeirbhís Náisiúnta Scaghtástála
National Screening Service


BreastCheck
An Clár Náisiúnta Scaghtástála Goch
The National Breast Screening Programme